## An Deontas Mionoibreacha Covid a úsáid chun Trealamh Caipitil a Cheannach

*(Nuashonraíodh an doiciméad faoi dheireadh i mí Mheán Fómhair 2023)*

### 1. Réamhrá

Faoin deontas Mionoibreacha Covid, tá an scóip ann chun airgead a chaitheamh ar mhíreanna trealaimh a d'fhéadfadh a bheith ina gcaiteachas caipitil. Ba cheart an caiteachas seo a léiriú mar shócmhainní seasta i gclár comhardaithe chuntais an bhoird agus ba cheart é a aistriú chuig Caipiteal & Cúlchistí.

### 2. Cur chuige Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, caiteachas an deontais agus aon iarmhéid nár caitheadh.

#### 2.1 Nuair a fhaightear ioncam an deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Mionoibreacha Covid Airgead Deontais Faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br><br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2169 | Deontas i gcomhair Mionoibreacha COVID gan Chaitheamh<br><br>Dliteanas Reatha |

#### 2.2 Nuair a úsáidtear an Deontas Mionoibreacha Covid chun Trealamh Caipitil a cheannach:

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas Trealaimh Caipitil a Thaifeadadh | DR | 1426 | Caipiteal: Daingneáin, Feistis agus Trealamh Mionoibreacha Covid - Breiseanna<br><br>Sócmhainn Sheasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br><br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| An Deontas Mionoibreacha Covid a aistriú chuig Caipiteal & Cúlchistí | DR | 2169 | Mionoibreacha COVID Deontas gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3905 | Mionoibreacha COVID Ioncam ó Dheontas Caipitil<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

### 2.3 Amúchadh Deontas

Teicníc chuntasaíochta is ea amúchadh a úsáidtear chun luach deontais de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Déanfar an deontas Mionoibreacha Covid a aithnítear mar dheontas caipitil thuas a aithint sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar gur chóir an deontas a chaitear a amúchadh thar 5 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoileanna na deontais a amúchadh ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Amúchadh an Deontais Mionoibreacha Covid | DR | 3925 | Ioncam ó Amúchadh Carntha ar Threalamh Caipitiúil<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3225 | Amúchadh Deontas Trealaimh RO<br>Ioncam |

**Nóta 1:** Beartas Amúchta – Deontas amúchta thar 5 bliana

### 2.4 Dímheas Mionoibreacha Covid i leith Caiteachais ar Threalamh Caipitil

Teicníc chuntasaíochta is ea dímheas a úsáidtear chun luach caiteachais caipitil de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Déanfar caiteachas caipitil an deontais Mionoibreacha Covid a aithint sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar gur chóir an deontas a chaitear a dhímheas thar 3 bliana.
Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoileanna dímheas an chaiteachais chaipitiúil TFC ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Dímheas ar Dhaingneáin, Feistis agus Trealamh Mionoibreacha Covid na Bliana Reatha | DR | 8020 | Dímheas Bliantúil: Daingneáin, Feistis agus Trealamh<br>Caiteachas |
| | CR | 1436 | Dímheas: Daingneáin, Feistis agus Trealamh Mionoibreacha Covid na Bliana Reatha<br>Sócmhainn Sheasta |

**Nóta 2**: Beartas Dímheasa - Earraí dímheasta thar 5 bliana

### 2.5 Cuntas ar iarmhéid an deontais nár caitheadh

Is deontas imfhálaithe é deontas Mionoibreacha Covid agus caithfear an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air i gcód ainmniúil 2169 Deontas Mionoibreacha Covid Nár Caitheadh.